

TÚSLA

An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Cigireacht na Luathbhlianta

**Treoir i dtaca le Beartas maidir le Timpistí agus
Teagmhais i Seirbhísí Réamhscoile**

TÚSLA

An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Clár Ábhar

1.0 Cuspóir	3
2.0 Buncheanglais an bheartais.....	4
Ceanglas 1	4
Ceanglas 2	5
Ceanglas 3	5
Ceanglas 4	6
Ceanglas 5	7
3.0 Dea-chleachtas i dtaca le Beartas Timpiste agus Teagmhais a fhorbairt agus a chur chun feidhme.....	7
4.0 Aguisín.....	9
4.1 Faisnéis Tacaíochta	9

1.0 Cuspóir

Is é is cuspóir leis an doiciméad treoraíochta seo ceanglais rialála a sholáthar do sheirbhísí réamhscoile ar ceanglais rialála iad i dtaca leis an mbeartas sonrach maidir le Timpistí agus Teagmhais, mar a leagtar amach leis na [Rialacháin um Sheirbhísí Luathbhlianta \(2016\) a ghabhann leis an Acht um Chúram Leanaí \(1991\)](#). Soláthraítear leis an doiciméad seo na buncheanglais rialála don bheartas sin, chomh maith le leideanna agus breithnithe lena dtacófar le soláthraithe cláraithe chun a áirithiú go mbeidh a mbeartais agus a nósanna imeachta forbartha go hiomlán agus go léireofar sna cleachtais sna seirbhísí dá gcuid iad.

Ba cheart an fhaisnéis sa doiciméad seo a chur i bhfeidhm ar an mbeartas sonrach maidir le Timpistí agus Teagmhais agus ar na nósanna imeachta de chuid na seirbhíse réamhscoile a ghabhann leis sin. Ba cheart an doiciméad seo a léamh in éineacht leis an [Treoir Phraiticiúil maidir le Beartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis a Fhorbairt i Seirbhísí Luathbhlianta](#), leis an gCreat Cáilíochta agus Rialála, agus leis an [Treoir i dtaca le Teagmhais Chriticiúla i Seirbhísí Luathfhoghlama agus Cúraim agus Seirbhísí Cúraim Leanaí in Aois Scoile](#).

Is chun críocha tagartha amháin atá an doiciméad seo. Níor cheart glacadh leis go bhfuil an treoir a chuirtear ar fáil cuimsitheach nó go dtugtar léi freagra cinntitheach i ngach cás.

Tá tuilleadh acmhainní ar fáil in [Aguisín 1](#).

Ceanglais Rialála an Bheartais seo

Na Rialacháin um Sheirbhísí Luathbhlianta (2016) a ghabhann leis An Acht um Chúram Leanaí (1991), Sceideal 5.1(j)

Ciallaíonn beartas maidir le timpistí agus teagmhais i ndáil le seirbhís réamhscoile, beartas ina sonraítear:

- (a) na bearta a dhéanfar sa tseirbhís le go seachnófar timpistí agus teagmhais,
- (b) na nósanna imeachta a leanfar i gcás go dtarlaíonn timpiste nó teagmhais a bhaineann le leanbh réamhscoile tráth a fhreastalaíonn an leanbh ar an tseirbhís, lena n-áirítear na céimeanna a bheidh le déanamh, más gá, chun teagmháil a dhéanamh le tuismitheoir nó caomhnóir an linbh, nó leis na seirbhísí éigeandála,
- (c) an chaoi inar cheart taifead a choimeád ar an timpiste nó ar an teagmhais,
- (d) an chaoi inar cheart taifead a chomhroinnt le tuismitheoir nó caomhnóir an linbh lena mbaineann sé.

2.0 Buncheanglais an bheartais

Moltar Ráiteas Beartais don bheartas seo in éineacht leis na buncheanglais mar a leagtar amach tuilleadh iad ins an doiciméad seo. Ba cheart a dheimhniú sa ráiteas beartais sin, dá mba rud é go dtarlódhtimpiste, nó teagmhas, go bhfuil beartais agus nósanna imeachta ar bun sa tseirbhís chun freagairt don teagmhas nó don timpiste, chun é nó í a shainaithint, chun cur síos i scríbhinn a dhéanamh air nó uirthi, chun athbhreithniú a dhéanamh air nó uirthi, agus chun faisnéis bhainteach a chur in iúl. Ba cheart é a bheith ráite sa ráiteas go ndéanfar sa tseirbhís na gníomhaíochtaí a bhfuil gá leo chun cosc a chur ar atarlú timpistí nó teagmhas. Ba cheart a chur chun cinn sa bheartas freisin cultúr dearfach agus oscailte i leith tuairisc a thabhairt do thuismitheoirí agus caomhnóirí nuair a tharlaíonn timpistí nó teagmhais chomh maith le haiseolas a thabhairt do thuismitheoirí agus caomhnóirí maidir le haon imscrúduithe nó athbhreithniú a dhéantar.

Ceanglas 1

Ní mór a léiriú sa bheartas na bearta a dhéanfar sa tseirbhís chun timpistí agus teagmhais a chosc.

Ní mór na sonraí seo a shonrú sa pholasaí. (Ní liosta iomlán é seo):

(a) Na bearta a dhéanfar sa tseirbhís chun cosc a chur ar tharlú timpistí agus teagmhas sa tseirbhís, lena n-áirítear an méid seo a leanas (ach gan a bheith teoranta dó):

- an chaoi a leagan amach ina ndéantar feitheoireacht leordhóthanach ar leanaí, agus na cóimheasa duine fásta/leanbh á gcoinneáil i gcónaí,
- a áirithiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag an bhfoireann ar gach leanbh agus ar na céimeanna forbartha ag a bhfuil siad,
- nósanna imeachta meastóireachta a chur ar bun i ndáil leis an timpeallacht (laistigh agus lasmuigh) chun aghaidh a thabhairt ar ghuaiseacha agus baol a íoslaghdú,
- a áirithiú go mbaintear feidhm iomchuí as trealamh agus ábhair na seirbhíse,
- a áirithiú go dtuigtear Ráiteas Slándála na seirbhíse agus go gcuirtear i bhfeidhm é.

Ceanglas 2

Ní mór a leagan amach sa bheartas na nósanna imeachta nach mór a leanúint i gcás go dtarlaíonn timpiste nó teagmhas a bhaineann le leanbh réamhscoile tráth a fhreastalaíonn an leanbh ar an tseirbhís.

Ní mór na sonraí seo a shonrú sa pholasaí. (Ní liosta iomlán é seo):

- (a) I gcás gur ann do thimpiste nó do theagmhas a ngortaítear leanbh nó duine fásta sa tseirbhís lena linn, leanfaidh na baill foirne nósanna imeachta sonracha chun an méid seo a leanas a áirithiú:
 - déantar freastail ar an leanbh nó ar an duine fásta,
 - cuirtear an chóir leighis chuí air nó uirthi,
 - déantar bearta iomchuí ionas nach n-éireoidh an staid níos measa.
- (b) Déantar a áirithiú go ndíreofar aire láithreach ar gach aon ghortú agus go ndéanfaidh ball foirne ar a bhfuil oiliúint mar Fhreagróir Céadchabhrach iad a mheas chun aon chineál cóir leighis atá riachtanach a chinneadh, más gá.
- (c) Déantar a áirithiú go rachfar i dteagmháil le liachleachtóir agus/nó na seirbhísí éigeandála láithreach más ann d'aon ábhar imní maidir le leas linbh (lena n-áirítear maidir le leanbh atá ar iarraidh). Déantar a áirithiú go sonrófar go soiléir ar chlár na bhfógraí sna seomraí agus san oifig na céimeanna nach mór a dhéanamh in éigeandáil den sórt sin.
- (d) Déantar a áirithiú go mbeidh duine amháin ar a laghad ar a bhfuil oiliúint chun dáta mar Fhreagróir Céadchabhrach ar an áitreabh tráth ar bith.
- (e) Déantar a áirithiú, i gcás nach bhfuil leanaí ar an áitreabh (ach ar thuras, mar shampla) go mbeidh ball foirne ina dteannta atá oile mar Fhreagróir Céadchabhrach.

Ceanglas 3

Ní mór a léiriú sa bheartas na céimeanna nach mór a dhéanamh chun dul i dteagmháil le tuismitheoir/caomhnóir linbh, agus/nó leis na seirbhísí éigeandála, más gá.

Ní mór na sonraí seo a shonrú sa pholasaí. (Ní liosta iomlán é seo):

- (a) Na bearta nach mór a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas i gcás timpiste nó teagmhais. Áirítear leo siúd cathain nach mór iad a chur ar an eolas agus cén chaoi a chuirfear ar an eolas iad.
- (b) Na bearta nach mór a dhéanamh nuair is gá glaoch ar na seirbhísí éigeandála i ndiaidh timpiste nó teagmhais.
- (c) Na céimeanna nach mór a dhéanamh tráth a théitear i dteagmháil le seirbhísí éigeandála (lena n-áirítear uimhreacha gutháin), agus ní mór a shonrú go bhfuil na céimeanna sin léirithe go soléir ar chlár fógraí na seomraí agus na n-oifigí.

Ceanglas 4

Ní mór cur síos a dhéanamh sa bheartas ar an gcaoi ina ndéantar faisnéis faoi thimpistí agus teagmhais a thaifeadadh, a chur i scríbhinn agus a thaisceadh.

Ní mór na sonraí seo a shonrú sa pholasaí. (Ní liosta iomlán é seo):

- (a) Cén faisnéis i dtaca le timpiste nó teagmhas nach foláir a thaifeadadh, lena n-áirítear cathain a tugadh céadchabhair. Ba cheart samplaí cóimheasa a bheith ar fáil laistigh de na nósanna imeachta ionas go ndéanfar timpistí agus teagmhais a thaifeadadh agus a thuairisciú go comhsheasmhach.
- (b) Cad iad na bearta atá ann chun a áirithiú go ndéantar taifid ar thimpistí agus ar theagmhais a thaisceadh go sábháilte agus go hiomchuí in ionad na seirbhíse.
- (c) Ní mór a shonrú go gcoimeádfar taifid ar thimpistí agus ar theagmhais ar feadh tréimhse dhá bhliain ón dáta ar a scoir an leanbh a mbaineann an taifead leis nó léi d'fhreastal ar an tseirbhís.
- (d) Ní mór a shonrú nach mór do na baill foirne ábhartha a bheith feasach ar na róil atá acu agus na freagrachtaí atá orthu agus nach mór dóibh a bheith oilte maidir le fógraí faoi theagmhais a chur chuig an gCigireacht Luathbhlianta.
Féach ar Rialachán 31 le do thoil, agus ar an [gCreat Cáilíochta agus Rialála](#) ina bhfuil liosta de theagmhais atá infhógartha.
- (e) Ní mór a shonrú go gcuirfidh an soláthróir cláraithe an Chigireacht Luathbhlianta ar an eolas laistigh de thrí lá oibre tar éis dó nó di eolas a fháil ar aon teagmhais infhógartha.
- (f) Ní mór na timpistí nó na teagmhais nach mór a thuairisciú do pháirtithe seachas An Chigireacht Luathbhlianta de chuid Tusla a shonrú mar aon le bearta chun a áirithiú go ndéanfar na tuairiscí uile den sórt sin.

Eiseamláirí de thuairisciú chuig páirtithe eile (níl an liosta seo uileghabhálach)

- [Seirbhísí Oibre Sóisialta de chuid Tusla](#)-más ann d'ábhar imní maidir le cumhdach linbh nó leanaí.
- [An Roinn Sláinte Poiblí de chuid Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte](#) - má tharlaíonn ráig de ghalar ionfhabhtaíoch sa tseirbhís.
- [An Garda Síochána](#) - má tá díobháil os comhair ball foirne agus/nó leanaí, nó má tá cion coiriúil déanta.
- [An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta](#) - más contúirteach an teagmhas, nó má tá ball foirne gortaithe dá bharr.
- Cuideachta árachais na seirbhíse - de réir mar is iomchuí.

Ceanglas 5

Ní mór a léiriú sa bheartasna nósanna imeachta measúnaithe riosca nach mór a dhéanamh tar éis do theagmhas/timpiste tarlú in ionad na seirbhíse.

Ní mór na sonraí seo a shonrú sa pholasaí. (Ní liosta iomlán é seo):

- (a) Na nósanna imeachta nach mór a leanúint sa tseirbhís tar éis do thimpiste nó teagmhas tarlú, chun a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú ar chleachtais agus nósanna imeachta reatha sa tseirbhís agus i ndiaidh measúnú riosca a bheith déanta chun athrú i gcleachtas, beartas nó nós imeachta a chur i gcrích (más gá).
- (b) An chaoi ina ndéanfar faisnéis faoi chleachtais nua nó athruithe ar chleachtais a chur in iúl go héifeachtach don bhainistíocht, don fhoireann, do thuismitheoirí/caomhnóirí agus do leanaí de réir mar is iomchuí ar de thoradh athbhreithnithe agus/nó measúnú riosca a bheith déanta ar thimpiste nó ar theagmhas iad.

3.0 Dea-chleachtas i dtaca le Beartas Timpiste agus Teagmhais a fhorbairt agus a chur chun feidhme

Chomh maith leis na ceanglais rialála don bheartas sin mar a leagadh amach sa doiciméad seo roimhe, is féidir le soláthraithe seirbhíse cáilíocht an chleachtais a fheabhsú i gcur chun feidhme an Bheartais Timpistí agus Teagmhais sa tseirbhís. Sa chuid seo, tugtar breac-chuntas ar dhea-chleachtas sa réimse beartais seo agus déantar tuilleadh eolais a léiriú má tá sé ar fáil.

- Ba cheart Caighdeán Síolta a léiriú i gcur chun feidhme an bheartais, go háirithe Caighdeán 2 [Timpeallachtaí](#).
- Is éard is 'Guais' ann foinse fhéideartha díobhála nó drochthionchair ar dhuine. D'fhéadfadh sé go mbeadh guaiseacha féideartha i láthair in ionad seirbhíse luathbhlianta amhail uisce an-te i sconnaí, trealamh briste/ábhair bhriste, oibreáin glantacháin atá inrochtana, foinsí teasa atá inrochtana, ábhair ghéara ar leibhéal airde linbh, gaistí méire, agus/nó staighrí oscailte.
- Is éard is 'Baol' ann an dóchúlacht go dtarlóidh díobháil, contúirt nó éifeacht díobhálach i gcás nochtadh do ghuais. Is ar na daoine fásta sa timpeallacht atá an fhreagracht chun na guaiseacha féideartha a shainaithint agus measúnaithe riosca a chur i gcrích chun an ghuais a chur faoi smacht agus an baol do leanaí a laghdú.
- Ba cheart sábháilteacht agus cosc timpistí a mhúineadh do leanaí ón am a bhíonn siad óg agus ba cheart tacú leo le go leanfaidh siad rialacha sláinte agus sabháilteachta. Níor cheart a bheith ag súil leis, áfach, go gníomhóidh leanaí óga ar bhealach sábháilte gach uair a bhíonn staid bhaolach os a gcomhair amach

- Ba cheart féachaint ar theagmhais a tharlaíonn in ionad na seirbhíse mar dheis foghlama agus mar dheis chun an tseirbhís a fheabhsú.
- Ba cheart gach duine a d'fhéadfadh a bheith thíos de bharr teagmhais a bheith feasach ar an teagmhas agus ar na céimeanna nach mór a dhéanamh chun foghlaim uaidh.
- Ba cheart muinín a bheith ag na baill foirne, agus teagmhas á tuairisciú acu, nach gcuirfear an milleán orthu mar gheall ar an bpróiseas ach go dtuigfear na laigí sna córais cúraim/oibre a raibh baint acu le tarlú an teagmhais.

4.0 Aguisín

4.1 Faisnéis Tacaíochta

- Aistear Síolta: [Treoir Chleachtais](#)
- Barnardos: [Health and Safety in Childcare](#)
- Barnardos: [Critical Incidents in Early Learning and Care and School Age Services](#)
- Sláinte Leanaí Éireann (CHI) [Leideanna simplí chun timpistí a chosc](#)
- ROSPA. [Timpistí a bhaineann do leanaí](#)
- An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta: [An Clár Fan Sábháilte](#)
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte: [Sábháilteacht Leanaí](#)
- [An Clár Náisiúnta um Chumhdach Leanaí](#)

Tagairt QMS	EYI-GDE12.37
Leagan	V2.0
Dáta	12/12/2025